



## **Muintearas Teo**

Is eagraíocht oideachais agus oiliúna pobail é Muintearas a bunaíodh i 1980. Tá ceanncheathrú na heagraíochta lonnaithe i dTír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe. Tá fo-oifig againn i nGaoth Dobhair, agus fostaithe eile lonnaithe i gceantair éagsúla Gaeltachta. Mar fho-chuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta, tá obair Mhuintearais ceangailte go dlúth le haidhmeanna straitéiseacha an Údaráis, i cumasú agus neartú na Gaeltachta. Tá tuilleadh eolais maidir le Muintearas Teo le fáil ar an suíomh gréasáin [www.muintearas.com](http://www.muintearas.com).

Freagrach do Chathaoirleach agus do Bhord Mhuintearas Teo, éilíonn an post seo duine den scoth a mbeidh, ar a laghad, taithí 3 bliana acu ag léibhéal sinsearach agus scileanna eagrúcháin a thuillfidh iontaoibh agus ómós ón bhfoireann, ó chliaint agus ó eagraíochtaí Stáit. Beidh an Príomhfheidhmeannach lonnaithe i gceannáras Mhuintearas Teo agus beidh sé nó sí freagrach as:

- Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar gach gníomhaíocht agus ar an bhfoireann, maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí chun go mbeidh iontaoibh as Muintearas Teo ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Cur i bhfeidhm straitéisí, polasaithe, pleananna agus tionscnaimh chuí a chinnteoidh go gcomhlíonann Muintearas Teo a shainchúraimí chun forbairt agus bearta a chur i bhfeidhm;
- Foireann agus struchtúr eagraíochta Muintearas Teo a chothú agus a fhorbairtstraitéisí agus polasaithe a fheidhmiú lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an tÚdarás a dhualgas trí rannpháirtíocht comhchomhairle le raon de pháirtithe leasmhara.

Beidh na scileanna seo a leanas ag an iarrthóir a n-éireoidh leo sa bpost seo:

- Beidh go leor bainte amach aige nó aici ag leibhéal sinsearach agus beidh fíis, ceannaireacht, scileanna bainistíochta riachtanacha agus cumas nuálaíochta léirithe acu;
- Beidh eolas leathan acu ar an earnáil phoiblí agus ar ghníomhaireachtaí stáit;
- Beidh saineolas ar phleanáil straitéiseach agus ar fhorbairt polasaí acu maraon le tomhas feidhmithe agus feidhmíochta an dá réimse sin;
- Beidh scoth na scileanna bainistíochta foirne, eagraíochta agus ceannaireachta acu chomh maith le cumas straitéiseach agus anailíseach;
- Beidh tuiscint chuimsitheach acu ar an nGaeilge agus beidh cumas d'ardleibhéal aige nó aici i labhairt agus i scríobh na Gaeilge (ag leibhéal TEG C1 nó a chomhionann);

*Tá an comórtas earcaíochta seo a réachtáil ag Rannóg Acmhainní Daonna Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Muintearas Teo.*

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie)

Glacfar le hiarratais go dtí **5.00 i.n. Déardaoin, 8ú Nollag 2022.**

Chun tuilleadh eolais a fháil tá leabhrán eolais le fáil ag <http://www.udaras.ie/oiliuint-fostaiocht>

*Is fostóir comhionannas é Muintearas Teo. agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*